Measúnú múnlaitheach ar scileanna litrithe

Treoir don mhúinteoir maidir le Próifíl an Dalta

Tá leagan samplach de Phróifíl an Dalta ar fáil san fhillteán seo mar ábhar tagartha.

Tá trí chuid sa treoir seo, tugtar cur síos orthu sa tábla thíos:

	Cuid	Cad atá i gceist?	Leathanach	Nasc le Próifíl an Dalta
1	**An measúnú a scóráil: treoir**	Treoir ghairid ar an mbealach leis na trialacha a scóráil.	2	Bain úsáid as an gCuid seo le Cuid A de Phróifíl an Dalta a líonadh
2	**Cineálacha éagsúla earráidí a aithint**	Tugtar cur síos ar chineálacha éagsúla earráidí (earráidí suntasacha, earráidí fóineolaíochta, earráidí ortagrafaíochta, earráidí tras-teanga). Tá sé tábhachtach an cineál earráide a aithint le gur féidir tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil.	6	Bain úsáid as an gCuid seo le Cuid B de Phróifíl an Dalta a líonadh
3	**Tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil**	Tugtar cur síos ar ghníomhaíochtaí atá oiriúnach le tacaíocht a chur ar fáil, bunaithe ar na cineálacha earráidí atá i gceist.	11	Bain úsáid as an gCuid seo le Cuid C de Phróifíl an Dalta a líonadh

1. An measúnú a scóráil

Tá treoir sa tábla thíos maidir leis an mbealach leis an measúnú a scóráil:

	Triail 1 – Focail Rialta	Triail 2 - Amharcfhocail	Triail 3 - Bréagfhocail
Treoir	**Gaeilge & Béarla**: Litriú cruinn: marc amháin Litriú míchruinn: ná tabhair marc **Gaeilge amháin**: Litriú cruinn ach síneadh fada in easnamh nó síneadh fada ar ghuta gan ghá: leathmharc	**Gaeilge & Béarla**: Litriú cruinn: marc amháin Litriú míchruinn: ná tabhair marc **Gaeilge amháin**: Litriú cruinn ach síneadh fada in easnamh nó síneadh fada ar ghuta gan ghá: leathmharc	**Gaeilge & Béarla**: Litriú cruinn: marc amháin Litriú míchruinn: ná tabhair marc Más léiriú maith iad na litreacha atá scríofa ag an dalta ar fhuaimeanna an fhocail – fiú muna dtagann an litriú leis an litriú molta – is féidir marc amháin a bhronnadh (e.g. má litrítear an bréagfhocal sa triail Bhéarla "rall" mar "rawl"). Féach ar na liostaí de leaganacha inghlactha ar lch 3. **Gaeilge amháin**: Litriú cruinn ach síneadh fada in easnamh nó síneadh fada ar ghuta gan ghá: leathmharc

Triail 3 - Bréagfhocail: Leaganacha inghlactha agus leaganacha nach bhfuil inghlactha (Gaeilge)

Tá iarracht déanta leaganacha atá inghlactha a chur ar fáil sa tábla thíos, chomh maith le leaganacha atá coitianta ach nach bhfuil inghlactha. Níl an liosta seo cuimsitheach. Má fheiceann tú aon leagan eile atá inghlactha, nó leagan a bhfuil tú amhrasach faoi, ba mhór againn dá rachfá i dteagmháil linn (ebarnes@tcd.ie) agus cuirfimid leis an liosta amach anseo.

Bosca	An bréagfhocal	Leaganacha eile atá inghlactha: marc amháin	Leaganacha nach bhfuil inghlactha: marc ar bith	Leathmharc
☆	**Fó**	**-**	**-**	**Fo**
1	**Sán**	**-**	**Seán**	**San**
2	**Lud**	**-**	**-**	**Lúd**
3	**Cin**	**-**	**-**	**Cín**
4	**Fubh**	**Fumh**	**Fuv**	**Fúbh**
5	**Pón**	**-**	**Pone**	**Pon**
6	**Rú**	**-**	**Roo**	**Ru**
7	**Puí**	**-**	**Pí**	**Pui**
8	**Seap**	**-**	**Sap**	**Seáp**
9	**Pág**	**-**	**-**	**Pag**
10	**Borm**	**bPorm**	**-**	**Bórm**

Triail 3 - Bréagfhocail: Leaganacha inghlactha agus leaganacha nach bhfuil inghlactha (Béarla)

Tá iarracht déanta leaganacha atá inghlactha a chur ar fáil sa tábla thíos, chomh maith le leaganacha atá coitianta ach nach bhfuil inghlactha. Níl an liosta seo cuimsitheach. Má fheiceann tú aon leagan eile atá inghlactha, nó leagan a bhfuil tú amhrasach faoi, ba mhór againn dá rachfá i dteagmháil linn (ebarnes@tcd.ie) agus cuirfimid leis an liosta amach anseo.

Bosca	An bréagfhocal	Leaganacha eile atá inghlactha: marc amháin	Leaganacha nach bhfuil inghlactha: marc ar bith	**Nóta:** Tá an Béarla thar a bheith mírialta. Tá na leaganacha inghlactha anseo bunaithe ar na rialacha is coitianta fónaice. Níor cheart glacadh le gach bealach ina litrítear an fhuaim. Mar shampla, litrítear /ɪ/ leis an litir 'u' san fhocal *busy*, ach ní fhéadfaí glacadh leis an bhfocal 'mip' litrithe le 'u'. Ba cheart go bhfuaimneodh aon leagan malartach cosúil leis an bréagfhocal nuair a léitear é.
☆	**Gup**	**-**	**-**	
1	**Gam**	**-**	**-**	
2	**Fet**	**-**	**-**	
3	**Vin**	**-**	**Bhin**	
4	**Mip**	**-**	**-**	
5	**Tup**	**-**	**-**	
6	**Yug**	**-**	**-**	
7	**Seg**	**-**	**-**	
8	**Joom**	**Jume, jewm, juem**	**-**	
9	**Pand**	**-**	**-**	
10	**Rall**	**Rawl, raul.**	**-**	

Scóir a chur isteach sa chomhad Excel

Tá comhad Excel ar fáil mar chuid den mheasúnú seo, áit ar féidir le múinteoirí scóir an ranga a chur isteach.

Treoracha

1. Líon isteach ainm an dalta i gColún A
2. Líon isteach scór an dalta i dTriail A (Focail Rialta – Gaeilge) i gColún B
3. Líon isteach scór an dalta i dTriail B (Amharcfhocail – Gaeilge) i gColún C
4. Líon isteach scór an dalta i dTriail C (Bréagfhocail – Gaeilge) i gColún D
5. Déanfar scór iomlán an dalta sna trialacha Gaeilge a ríomh go huathoibríoch i gColún E
6. Líon isteach scór an dalta i dTriail A (Regular Words – English) i gColún F
7. Líon isteach scór an dalta i dTriail B (Sight Words – English) i gColún G
8. Líon isteach scór an dalta i dTriail C (Pseudowords – English) i gColún H
9. Déanfar scór iomlán an dalta sna trialacha Béarla a ríomh go huathoibríoch i gColún I
10. Déanfar scór iomlán an dalta sna trialacha Béarla agus Gaeilge a ríomh go huathoibríoch i gColún J

Déanfar aibhsiú, go huathoibríoch, ar:

Scóir	Aibhsiú
Scóir atá faoi bhun mheán an ranga	Buí
Scóir atá diall caighdeánach (*standard deviation*) amháin faoi bhun mheán an ranga	Oráiste
Scóir atá dhá dhiall chaighdeánacha faoi bhun mheán an ranga.	Corcra

2. Cineálacha Éagsúla Earráidí a aithint

Is féidir úsáid a bhaint as an treoir seo le Cuid B de **Phróifíl an Dalta** a líonadh. Tugtar cur síos thíos ar na cineálacha éagsúla earráidí a dhéantar sa mheasúnú seo

- **Earráidí suntasacha**: nuair nach bhfreagraíonn na litreacha d'fhuaimeanna an fhocail.
- **Earráidí fóineolaíochta**: is earráidí iad seo a bhfuil bunús fóineolaíochta acu, mar shampla, deacracht idirdhealú a dhéanamh idir dhá fhuaim éagsúla.
- **Earráidí ortagrafaíochta**: is earráidí iad seo a bhaineann le tuiscint agus taithí ar an teanga scríofa.
- **Earráidí tras-teanga**: is earráidí iad seo a bhaineann le rialacha fónaice na Gaeilge a mheascadh le rialacha fónaice an Bhéarla nó a mhalairt. Is gnáthchuid den fhorbairt í seo i bpáistí dátheangacha, ach má tá deacracht leanúnach le rialacha an dá theanga a mheascadh, is féidir tacaíocht a chur ar fáil.

Earráidí suntasacha
Ní fhreagraíonn na litreacha do na fuaimeanna (e.g. an iomarca litreacha, guta in ionad consain)

Earráidí fóineolaíochta
(e.g. guta measctha le guta eile, síneadh fada in easnamh, consan ar lár i gcnuasach consan)

Earráidí ortagrafaíochta
(e.g. litreacha aisiompaithe, consain dhúbailte gan ghá)

Earráidí tras-teanga
Rialacha litrithe na teanga eile in úsáid (e.g. <shin> for *sin*, <rúm> for *room*)

Earráidí suntasacha

Príomhthréith: tá iarracht déanta an focal a litriú, ach ní fhreagraíonn na litreacha d'fhuaimeanna an fhocail den chuid is mó.

Samplaí

	Spriocfhocal	**Focal scríofa**
Gaeilge	buí	bef
Béarla	room	ral

Cad atá le déanamh?

- Má tá an páiste ag an gcéim seo, ba cheart go leor tacaíochta a chur ar fail dó/di. Is féidir tuilleadh measúnaithe a dhéanamh leis na straitéisí thíos chun tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil.
- Faigh amach an bhfuil na bunscileanna seo a leanas ag an bpáiste

Bunscil	**Príomhcheist**	**Gníomhaíocht shamplach**
Bunscil 1: feasacht fóineolaíochta shimplí	An ndéanann an páiste idirdhealú cruinn idir fuaimeanna?	Is féidir gníomhaíocht shimplí (ó bhéal) a dhéanamh leis an bpáiste ag baint úsáid as péirí focal (i) a thosaíonn leis an bhfuaim chéanna agus (ii) a thosaíonn le fuaimeanna éagsúla, e.g. "an dtosaíonn *carr* agus *cat* leis an bhfuaim chéanna?", "an dtosaíonn *teach* agus *crann* leis an bhfuaim chéanna?"
Bunscil 2: feasacht fóineolaíochta chasta	An féidir leis an bpáiste fuaimeanna i bhfocail ó bhéal a bhriseadh síos?	Is féidir gníomhaíocht ó bhéal a dhéanamh le fáil amach an féidir leis an bpáiste na fuaimeanna a scaradh óna chéile, nó a chur le chéile, e.g. "cad iad na fuaimeanna beaga atá san fhocal cat – abair amach iad?" nó "éist leis na fuaimeanna seo g-ú-n-a, cén focal a dhéanann siad?"
Bunscil 3: nascanna litir-fuaim a fhoghlaim	An bhfuil na rialacha fónaice ar eolas ag an bpáiste?	Taispeáin pictiúr de litreacha na aibítre don pháiste agus iarr air/uirthi na fuaim(eanna) a ghabhann leis an litir a rá.

Earráidí fóineolaíochta

Príomhthréith: baineann na hearráidí seo le fuaimeanna a aithint óna chéile, nó leis an gcumas fuaimeanna a scaradh óna chéile nó a chur le chéile i bhfocal ó bhéal.

Samplaí

1. Gutaí éagsúla measctha

	Spriocfhocal	**Focal scríofa**
Gaeilge	rón	rún
Béarla	bug	bag

2. Gutaí gairide agus gutaí fada measctha

	Spriocfhocal	**Focal scríofa**
Gaeilge	bán dubh	ban dúbh
Béarla	top	tope

3. Consan ar lár i gcnuasach consan

	Spriocfhocal	**Focal scríofa**
Gaeilge	gorm	gom
Béarla	hand	had

4. **Consain ghlóracha and neamhghlóracha measctha** (i.e. /p/ vs /b/, /d/ vs /t/, /g/ vs /k/)

	Spriocfhocal	**Focal scríofa**
Gaeilge	dubh	tubh
Béarla	hand	hant

Earráidí ortagrafaíochta

Príomhthréith: baineann na hearráidí seo le tuiscint agus taithí ar rialacha na teanga scríofa.

Samplaí

1. Litreacha aisiompaithe

	Spriocfhocal	**Focal scríofa**
Gaeilge	dubh	bubh
Béarla	top	toq

2. Consain dhúbailte

	Spriocfhocal	**Focal scríofa**
Gaeilge	bán	bánn
Béarla	top	topp

3. Litriú malartach atá ceart ó thaobh na fóineolaíochta de

	Spriocfhocal	**Focal scríofa**
Gaeilge	éan	aon
Béarla	of; is	ov; iz

Earráidí tras-teanga

Príomhthréith: baineann na hearráidí seo le rialacha fónaice an Bhéarla a mheascadh le rialacha fónaice na Gaeilge.

Samplaí

1. **Consain**

	Spriocfhocal	**Focal scríofa**
Gaeilge	sin	shin
Béarla	fox	Duv focs

2. **Gutaí**

	Spriocfhocal	**Focal scríofa**
Gaeilge	tú	too
Béarla	room	rúm

3. Tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil

Baineann an chuid seo le Cuid C de Phróifíl an Dalta. Tá treoracha thíos maidir leis an mbealadh le Cuid C a líonadh isteach:

1. Líon isteach an colún dar teideal *Spriocanna* don dalta, bunaithe ar na cineálacha earráidí a fheictear sa litriú.
2. Líon isteach an colún dar teideal *Slat Tomhais*, le go mbeadh bealach ann leis an dul chun cinn a thomhas.
3. Roghnaigh gníomhaíochtaí – idir na gníomhaíochtaí molta anseo agus gníomhaíochtaí eile bunaithe ar acmhainní ar fáil sa rang - bunaithe ar na réimsí ina bhfuil breis chleachtaidh ag teastáil.

Nóta: tá na samplaí a thugtar mar spriocfhuaimeanna/spriocfhocail sna gníomhaíochtaí thíos i nGaeilge amháin, ach d'fhéadfaí na gníomhaíochtaí ar fad a chur in oiriúint don Bhéarla. Beidh an méid tacaíochta a thugtar i nGaeilge agus i mBéarla ag brath ar pholasaí agus ar chleachtais na scoile.

Tacaíocht san fheasacht fóineolaíochta: gníomhaíochtaí molta

	Páistí aonair nó grúpa?	Ábhar atá ag teastáil	Spriocfhuaimeanna	Treoracha
Cluiche an dá thúr	Páistí aonair nó grúpa	**Páistí:** blocanna Lego nó criáin agus páipéar **Múinteoir**: liosta focal le dhá spriocfhuaim (e.g. 8 bhfocal leis an bhfuaim **a** agus 6 fhocal leis an bhfuaim **á**)	Fuaimeanna atá cosúil lena chéile (e.g. **a** vs **á**, **t leathan** vs **t caol)**	1. Abair leis an bpáiste/na páistí go mbeidh dhá thúr á dtógáil acu – túr gorm agus túr dearg. 2. Beidh ceann de na túir níos airde ná a chéile. Caithfidh an páiste/na páistí éisteacht go géar do na focail a deir tú leis na túir a thógáil mar is ceart. 3. Má chloiseann siad '**a**' san fhocal, caithfidh siad bloc a chur leis an túr gorm. Má chloiseann siad '**á**' san fhocal, caithfidh siad bloc a chur leis an túr dearg. 4. Léigh tríd an liosta focal atá ullmhaithe agat agus tabhair deis do na páistí bloc a chur ar an túr ceart. 5. Sa sampla seo (8 bhfocal le 'a'; 6 fhocal le 'á'): bheifí ag súil leis go mbeadh an túr gorm níos airde ná an túr dearg.
Cluiche biongó	Grúpa	**Páistí**: cárta biongó le péirí íosdifríochta orthu **Múinteoir**: liosta péirí íosdifríochta	Péirí íosdifríochta e.g. sean, Seán, fear, féar, te, té, solas, sólás. Tá tuilleadh ar fáil in Stenson & Hickey, 2018	1. Abair leis na páistí go mbeidh cárta biongó acu le focail a fhuaimníonn an-chosúil lena chéile. 2. Beidh orthu éisteacht go géar le gach focal a deir tú agus ciorcal a tharraingt timpeall ar an bhfocal má tá an focal sin acu ar an gcárta. 3. Caithfidh siad "biongó!" a rá amach os ard nuair a bhíonn gach focal ar an gcárta ráite agatsa.

Cathaoireacha craiceáilte	Grúpa	**Páistí**: cathaoir an duine **Múinteoir:** liosta focal le spriocfhuaim áirithe	Fuaimeanna atá cosúil lena chéile (e.g. **i** vs **í,** **s leathan** vs s **caol)**	1. Beidh na páistí ar fad ina suí i bhfáinne ar chathaoireacha (gan boird a bheith eatarthu más féidir). 2. Beidh siad roinnte in dhá ghrúpa éagsúla: grúpa A atá ag cur cluasa orthu féin d'fhocail dar tús spriocfuaim amháin (e.g. focail dar tús s leathan – súil, suí, sásta, etc) agus grúpa B atá ag cur cluasa orthu féin d'fhocail dar tús spriocfhuaim eile (e.g. focail dar tús s caol – siúl, séamh, seachtain, etc). 3. Má chloiseann grúpa A focal dar tús s leathan, caithfidh siad éirí agus cathaoir nua a aimsiú. Má chloiseann grúpa B focal dar tús s caol, caithfidh siad éirí agus cathaoir nua a aimsiú.
Bleachtaire focal	Páistí aonair	**Múinteoir:** liosta focal atá oiriúnach	Focail ar féidir an chéad fhuaim a bhaint uathu, e.g. cluas (luas), srón (rón), crann (rann), sé (é). (*Nóta: bíonn sé níos deacra consan a dheighilt ó chnuasach consan* ná ó ghuta)	1. Abair leis an bpáiste go mbíonn focail bheaga i bhfolach uaireanta i bhfocail níos mó, agus go mbeidh air/uirthi an focal beag a aimsiú. 2. Ansin, is féidir an struchtúr seo a leanas a úsáid le spriocfhocail éagsúla: "abair an focal **cluas**. Anois, abair an focal cluas gan an /k/ - cén focal beag atá fágtha?)" (bain úsáid as an bhfuaim anseo, seachas ainm na litreach). 3. Nuair atá an ghníomhaíocht seo ó bhéal thart, d'fhéadfaí an focal beag a scríobh síos (e.g. luas) agus iarraidh ar an bpáiste litir a chur roimhe le go mbeadh an focal 'cluas' aige/aici)

Tacaíocht le scileanna ortagrafaíochta: gníomhaíochtaí molta

	Páistí aonair nó grúpa?	Ábhar atá ag teastáil	Spriocfhocail	Treoracha
Cluiche cárta Snap	Grúpa	**Páistí**: cártaí a bhfuil focail ardmhinicíochta scríofa orthu (péirí cártaí ag teastáil le haghaidh gach focal ardmhinicíochta)	Focail ardmhinicíochta nó focail atá deacair	1. Beidh paca cártaí ag gach grúpa. 2. Cuireann an chéad pháiste cárta ar an gcarn 3. Déanann gach páiste eile sa ghrúpa amhlaidh 4. Má tá an focal céanna ar an gcárta ar bharr an chairn agus ar an gcárta atá á chur síos, tugtar na cártaí ar fad don chéad duine a deir "snap" os ard. 5. Tá an bhéim sa chluiche seo ar fhocail a aithint ar an bpointe, is féidir am a thabhairt do na páistí roimh ré le staidéar a dhéanamh ar na spriocfhocail.
Cluiche Cuimhne	Páistí aonair nó grúpa	**Páistí**: píosa páipéir agus peann luaidhe **Múinteoir**: focail scríofa amach ar chártaí beaga, ar thrae (braitheann an líon cártaí ar chuimhne an pháiste)	Focail ardmhinicíochta nó focail atá deacair	1. Tabhair nóiméad amháin don pháiste féachaint ar na cártaí ar an trae. 2. Ansin, iarr ar an bpáiste na focail a bhí ar an trae a scríobh síos. 3. Tabhair pointe amháin ar gach focal atá scríofa síos, agus pointe eile má tá sé litrithe go cruinn. 4. Déan nóta d'aon fhocal nach bhfuil litrithe go cruinn, téigh siar air leis an bpáiste agus cuir ar an trae arís é an chéad lá eile a dhéantar an ghníomhaíocht seo.

Cluiche biongó	Grúpa	**Páistí**: cárta biongó le focail ardmhinicíochta orthu **Múinteoir**: liosta focail ardmhinicíochta	Focal ardmhinicíochta nó focail a bhfuiltear ag díriú orthu sa rang.	1. Abair leis na páistí go bhfuil cárta biongó acu a bhfuil focail choitianta air. 2. Beidh orthu éisteacht go géar le gach focal a deir tú agus ciorcal a tharraingt timpeall ar an bhfocal má tá an focal sin acu ar an gcárta. 3. Caithfidh siad biongó a rá amach os ard nuair a bhíonn gach focal ar an gcárta ráite agatsa.
An Madra Rua agus an Ghé (Tic-Tac-Toe)	Beirteanna	**Páistí**: píosa páipéir le greille air, peann luaidhe	Focail a roghnaíonn na páistí	1. Roghnaíonn gach páiste focal amháin atá deacair dó/di. (e.g. roghnaíonn páiste A 'téigh' agus roghnaíonn páiste B 'teach'). 2. Is í aidhm an chluiche ná spriocfhocal (e.g. 'téigh') a scríobh i dtrí bhosca in aice lena chéile. 3. Déanann na daltaí iarracht stop a chur le hiarrachtaí an pháiste eile a spriocfhocal a scríobh i dtrí bhosca in aice lena chéile. 4. Tosaíonn siad arís le spriocfhocail nua.

Tacaíocht le scileanna tras-teanga: gníomhaíochtaí molta

	Páistí aonair nó grúpa?	Ábhar atá ag teastáil	Spriocfhocail	Treoracha
Béarla nó Gaeilge	Páistí aonair nó grúpa	**Páistí:** páipéar buí agus páipéar gorm **Múinteoir**: an liosta focal atá ar fáil ar leathanach 92 den leabhar Tuiscint ar Litriú na Gaeilge (Stenson & Hickey, 2018) ar fáil ar shuíomh COGG.	Focail a bhfuil miondifríochtaí eatarthu sa Ghaeilge agus sa Bhéarla	1. Abair leis na páistí go ndéarfaidh tú focal agus go mbeidh orthu páipéar buí a chur in airde má shíleann siad gur focal Gaeilge atá ann, agus páipéar gorm a chur in airde má shíleann siad gur focal Béarla atá ann. 2. Abair amach péire focal ar an liosta – ceann Gaeilge agus Béarla agus iarr orthu éisteacht leo. 3. Ansin, abair amach ceann de na focal sa phéire arís – an focal Gaeilge nó Béarla atá ann? Féach ar fhreagraí an ranga. 4. Ansin, iarr ar chúpla duine a mhíniú cén fáth ar shíl siad gur focal Gaeilge/Béarla a bhí ann. 5. Ansin, pléigh na difríochtaí idir an focal Béarla agus an focal Gaeilge leis an rang.
Hataí malartacha	Páistí aonair nó grúpa	**Múinteoir**: clár bán agus liosta focal a bhfuil na fuaimeanna iontu cosúil le chéile go pointe i nGaeilge agus i mBéarla (e.g. show, seó; too, tú; she, sí; may, mé; bow, bó)	Focail a bhfuil na fuaimeanna iontu cosúil le chéile go pointe i nGaeilge agus i mBéarla	1. Abair leis na páistí go bhfuil dhá hata agat (fíor nó samhalta) – hata Gaeilge agus hata Béarla. 2. Ansin, abair go mbeidh tú ag cur do hata Gaeilge ort anois. 3. Iarr ar na páistí cabhrú leat cuid de na focail ar an liosta a litriú. 4. Ansin, cuir ort do hata Béarla agus iarr orthu na focail a litriú i mBéarla. 5. Déan comparáid ansin idir na focail atá scríofa agat agus an hata Gaeilge ort, agus na cinn atá

				scríofa agat agus an hata Béarla ort. Cad iad na difríochtaí eatarthu? Is féidir na difríochtaí idir na fuaimeanna a phlé (e.g. an chéad fhuaim sna focail ***t****oo* agus ***t****ú)* chomh maith leis na difríochtaí a bhaineann leis na rialachta litrithe (e.g. *t****oo***, agus *t****ú***)